

Clár na nÁbhar

Cad é mar is féidir Freagairt don Chomhairliúchán Phoiblí i dtaobh an Dréachtbheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim agus i dtaobh an Mheasúnaithe Tionchair Chomhionannais (MTC)?	3
Formáidí atá le fáil de na Cáipéisí Comhairliúcháin	4
Seirbhísí Ateangaireachta	5
Seirbhísí Ateangaireachta don Teanga Chomharthaíocht	5
Seirbhísí Ateangaireachta don Teanga Labhartha	5
Forléargas.....	6
Cad chuige a bhfuil Tábhacht le do Thuairim.....	7
Measúnuithe Tionchair	8
Cad é a tharlóidh ina diaidh seo?.....	9
Príobháideacht, Rúndacht agus Rochtain ar Fhreagairtí don Chomhairliúchán.....	9
Aguisín A: Foirm Freagartha Chomhairliúcháin	11
Ceisteanna Comhairliúcháin i gcomhair an Dréachtbheartais maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim	12
Aguisín B: Torthaí an Mheasúnaithe ar Thionchar	18
Comhionannas agus Cearta an Duine	19
Ceisteanna Measúnaithe Tionchair Comhionannais:	19
Aguisín C: Beartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim Fógra Príobháideachais.....	22

Cad é mar is féidir Freagairt don Chomhairliúchán Phoiblí i dtaobh an Dréachtbheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim agus i dtaobh an Mheasúnaithe Tionchair Chomhionannais (MTC)?

Tá muid ag lorg do thuairimí mar chuid dár gcomhairliúcháin maidir leis na nithe seo a leanas:

- An dréachtbheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim
- An Measúnú Tionchair Comhionannais

Le do thoil féach na ceisteanna in **Aguisín B**. Is féidir leat roghnú ceann amháin díobh a fhreagairt nó an dá cheann a fhreagairt. Iarrann muid go seoltar freagairtí isteach chugainn ón 17^ú Nollaig 2021 agus druidfear an comhairliúchán ar 17:00 an 11^ú Márta 2022.

Agus do fhreagairtí á seoladh isteach agat, ba mhór againn dá bhféadfá deimhniú cé acu an bhfuil tú ag freagairt mar dhuine aonair nó ag cur freagartha faoinár mbráid thar ceann eagraíochta.

Más thar ceann eagraíochta atá tú ag freagairt, le do thoil inis dúinn na nithe seo a leanas:

- D'ainm;
- Ainm d'eagraíochta;
- Seoladh ríomhphoist.

Tá 3 rogha ann maidir le rochtain a fháil ar na cáipéisí ábhartha agus maidir le freagairt don chomhairliúchán phoiblí i gcomhair an dréachtbheartais maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim agus don chomhairliúchán maidir leis an Mheasúnú Tionchair Comhionannais (MTC). [NASC RS]. Roghnaigh ó na 3 rogha thíos:

Rogha 1: Ar líne

Comhlánaigh na ceistiúcháin ar líne le haghaidh na gcomhairliúchán ar líne:

<https://consultations2.nidirect.gov.uk/doh-1/advancecareplanning-policy-adults-ni>

Rogha 2: Cóip Páipéir

Mura bhfuil tú in inmhe rochtain a fháil ar an Comhairliúchán ar líne, is féidir leat cóip páipéir de na cáipéisí Comhairliúcháin Bheartas na Réamhphleanála Cúraim den tsuirbhé a iarraidh.

- Trí **scairt a chur** ar an uimhir speisialta thíos do Chomhairle na nOthar agus na gCliaint ar **02895 368542**.

- Tríd an ríomhphost: acpconsultation@health-ni.gov.uk.

Le do thoil, cuimhnigh go gcuirfear clúdach réamhíoctha ar fáil chun do fhreagairtí comhlánaithe a aiscur.

Rogha 3: Tacaíocht Ghutháin

Is féidir leas a bhaint as an uimhir ghutháin **02895 368542** chun labhairt go díreach le hoibritheoir (Luan-Aoine, 9rn-5in).

Is féidir leis an oibritheoir na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Pacáiste Comhairliúcháin a chur sa phost chugat agus clúdach réamhíoctha a sholáthar duit chun freagairtí comhlánaithe a aisfhilleadh.
- **Freagairt a thabhairt duit maidir le ceisteanna ar bith** a d'fhéadfadh a bheith agat maidir le do fhreagairt don tSuirbhé Citizens Space a chur isteach ar líne.
- **Na comhairliúcháin i dtaca leis an bheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim agus/nó i dtaca leis an MTC a chomhlíonadh** trí do fhreagairtí a chur isteach go díreach chuig Citizens Space ar líne. Is féidir leat cóip de do fhreagairt a iarraidh.
- **Socruithe inrochtaineachta a chur ar bun** mar atá seirbhísí aistritheoirí nó teanga chomharthaíochta nó formáid mhalartach/formáidí malartacha ar bith.

Formáidí atá le fáil de na Cáipéisí Comhairliúcháin

Beidh na cáipéisí a bhaineann leis an chomhairliúchán ar fáil sna formáidí seo a leanas ar na dátaí a liostaítear thíos;

Formáid	Le fáil ó
An Araibis	17 ^ú Nollaig 2021
Fuaime	15 ^ú Eanáir 2022
Braille	17 ^ú Nollaig 2021
Teanga Chomharthaíochta na Breataine	15 ^ú Eanáir 2022
An Béarla	17 ^ú Nollaig 2021
Gaeilge na hÉireann	17 ^ú Nollaig 2021
Teanga Chomharthaíochta na hÉireann	15 ^ú Eanáir 2022
An Liotuáinis	17 ^ú Nollaig 2021
An Mhandairínis	17 ^ú Nollaig 2021
An Pholainnis	17 ^ú Nollaig 2021
An Phortaingéilis	17 ^ú Nollaig 2021
An Rómáinis	17 ^ú Nollaig 2021
An Ultais	17 ^ú Nollaig 2021
An Urdúis	17 ^ú Nollaig 2021
Físeán agus fotheidil leis	15 ^ú Eanáir 2022

Seirbhísí Ateangaireachta

Seirbhísí Ateangaireachta don Teanga Chomharthaíocht

Tá seirbhís chianda ateangaireachta, atá saor in aisce, ar fáil dóibh siúd ar mian leo dul i ngleic leis na comhairliúcháin i dTeanga Chomharthaíochta na Breataine (TCB) agus i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) i dTuaisceart Éireann, tríd an SignVideo <https://signvideo.co.uk/hscni/> (nó InterpreterNow mar a bhí tráth). Tá an tseirbhís ar fáil;

- **Trí sheirbhís ar éileamh**
Tá ateangairí TCB agus TCÉ ar fáil idir 9rn agus 5in, Luan go hAoine.
- **Seisiúin Réamháirithe**
Is féidir seisiúin réamháirithe a shocrú.

Seirbhísí Ateangaireachta don Teanga Labhartha

Tá seirbhís chianda ateangaireachta, atá saor in aisce, ar fáil dóibh siúd ar mian leo dul i ngleic leis na comhairliúcháin i dteanga seachas an Béarla. Tá teangacha breise ar fáil mar chuid den tseirbhís seo le cois na gcinn a luaitear thuas. Chun an tseirbhís seo a rochtain déan teagmháil leis an uimhir speisialta atá ag Comhairle na nOthar agus na gCliantaí ar **02895 368542** agus socróidh siad le go mbeidh ateangaire ar an ghla.

Rogha	Modh	Cad é mar
1	Rochtain a fháil ar cháipéisí an chomhairliúcháin agus freagairt ar líne	https://consultations2.nidirect.gov.uk/doh-1/advancecareplanning-policy-adults-ni
2	Cóip páipéir de cháipéisí an chomhairliúcháin a iarraidh	02895 368542 Nó trí ríomhphost a sheoladh chuig acpconsultation@health-ni.gov.uk
3	Tacaíocht ghutháin chun freagairt don chomhairliúchán a chríochnú	02895 368542

Forléargas

Is ionann An Réamhphleanáil Chúraim agus scáth-théarma lena gclúdaítear an pleanáil phearsanta, chliniciúil, dhleathach agus airgeadais. Cuireann sé ar chumas an duine machnamh a dhéanamh faoina bhfuil tábhachtach dó agus plean a dhéanamh i gcomhair na todhchaí. Próiseas deonach atá ann agus cuidíonn sé le duine chun mianta, mothúcháin, creidimh agus luachanna seo aige féin a chur in iúl agus chun cinntí a dhéanamh a thagann leo sin. Bainfear leas as comhráite maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim, aon mholtaí agus/nó cinntí mura bhfuil duine in ann cinntí ábhartha a dhéanamh as a stuaim féin amach anseo. Chuirfeadh muid fáilte roimh do thuairimí i dtaca leis an dréachtbheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim d'Aosaigh (18 mbliana d'aois agus níos sine) i dTuaisceart Éireann.

Leis an bheartas seo maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim, foráiltear creatlach le haghaidh na Réamhphleanála Cúraim d'aosaigh (18 mbliana d'aois nó níos sine) i dTuaisceart Éireann, ina ndírítear ar ghnéithe a bhaineann leis an tsláinte agus leis an chúram shóisialta. Leis an bheartas foráiltear forléargas ar an Réamhphleanáil Chúraim, agus ar na luachanna agus na prionsabail atá mar bhonn fúithi. Leagtar amach na cúiseanna a bhaineann le tábhacht na Réamhphleanála Cúraim agus leis an dóigh ar féidir léi cuidiú le daoine agus iad ag déanamh plean tráthúil, réalaíoch agus praiticiúil don todhchaí. Spreagtar go ndéantar na pleananna sin tríd an chomhrá leo siúd atá tábhachtach don duine agus/nó le duine atá ag soláthair cúraim, tacaíochta nó cóireála (leis sin áirítear daoine atá ag obair mar chuid den phobal agus san earnáil dheonach agus baill foirne eile atá ag obair sna seirbhísí reachtúla i gcomhair sláinte agus cúraim sláinte).

Tríd an dréachtbheartas maidir leis Réamhphleanáil Chúraim tugtar tacaíocht do dhuine ionas go mbeidh rogha níos leithne aige i leith cinntí, lena n-áirítear pleananna le haghaidh a chúraim agus a chóireála féin amach anseo. Normalú a dhéanamh ar chomhráite maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim; deiseanna rialta a bheith ag an uile aosach i dTuaisceart Éireann (TÉ) chun a mhianta, a mhothúcháin, a chreidimh agus a luachanna a chur in iúl maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim;

agus; go ndéantar iad sin ar fad a léiriú mar chuid den chúram, den tacaíocht nó den chóireáil a fhaigheann sé.

Ba ar mhaithe le comhairle straitéiseach a sholáthar agus ar mhaithe le maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an bheartais maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim, a cuireadh Grúpa Stiúrtha ar bun lenar cuimsíodh ceannasaithe poiblí ón Roinn Sláinte, ón Bhord Sláinte agus Cúraim Shóisialta agus ón Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí, mar aon le Cathaoirleach an Fhóraitm Réigiúnaigh um Eitic Chliniciúil agus ball den phobal a raibh spéis aige ann agus ionadaí cúramóra. Cuireadh Foireann Chláir ar bun chun forbairt a dhéanamh ar an bheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim agus ar a chlár feidhmithe i gcomhair na Réamhphleanála Cúraim, lena n-áireofar treoir oibríochta, oideachas agus oiliúint, agus teachtaireachtaí don phobal.

Cad chuige a bhfuil Tábhacht le do Thuairim

Rinneadh an dréachtbheartas a fhorbairt trí leas a bhaint as cur chuige comhléirithe agus teagmháil agus ionchur forleathan ó pháirtithe leasmhara. I measc na bpáirtithe leasmhara áirítear úsáideoirí seirbhíse, cúramóirí, baill den phobal a bhfuil spéis acu ann, agus iad siúd ó eagraíochtaí pobail agus ó eagraíochtaí deonacha, lucht taighde/na hacadúlachta, gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta agus a gcomhlachtaí ionadaíochta. **(Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis seo, le do thoil féach an cháipéis tacaíochta: [Tuarascáil ó Theagmháil le Páirtithe Leasmhara arna foilsiú mar chuid den chomhairliúchán seo](#)).**

Is é an chéad chéim eile mar chuid den teagmháil ná comhairliúchán poiblí a chríochnú chun tuairimí breise a lorg i dtaca leis an dréachtbheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim agus i dtaca leis an Mheasúnú Tionchair Comhionannais.

Measúnuithe Tionchair

Tá roinnt de na measúnuithe críochnaithe agus tá siad breactha síos in **Aguisín B** den cháipéis seo. Tá Measúnú Tionchair Comhionannais (MTC) iomlán críochnaithe agus seolfar é i gcomhar leis an dréachtbheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim le haghaidh comhairliúcháin poiblí a mhairfidh 12 sheachtain.

Tá na cáipéisí a bhaineann leis an mheasúnú iomlán le fáil fosta mar chuid den tsraith de cháipéisí comhairliúcháin.

Cad é a tharlóidh ina diaidh seo?

Reáchtálfar roinnt seisiún fíorúil le go gcuirfear ar an eolas thú faoin dóigh ar féidir leat na comhairliúcháin a fhreagairt.

Déardaoin 20^ú Eanáir 2022 ar 10rn

Dé Céadaoin 2^ú Feabhra 2022 ar 2:30in (Seisiún TCB)

Dé Máirt 8^ú Feabhra 2022 ar 2:30in (Seisiún TCÉ)

Déardaoin 10^ú Feabhra 2022 ar 2in

Dé Máirt 15^ú Feabhra 2022 ar 6:30in

Is féidir leat clárú do na himeachtaí seo trí: <https://pcc-ni.net/get-involved/advance-care-planning/>

Tar éis dheireadh an chomhairliúcháin ar 11^ú Márta 2022 ar 5in, tiomsófar na freagairtí go léir agus an t-aiseolas ar fad ar mhaithe le hathbhreithniú ón Roinn Sláinte, agus tairgfear tuarascáil maidir leis an chomhairliúchán.

Foilseofar an tuarascáil chomhairliúcháin fairis an bheartas chríochnúil maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim agus fairis an tuarascáil MTC.

Príobháideachas, Rúndacht agus Rochtain ar Fhreagairtí don Comhairliúchán

Foilseoidh muid achoimre ar fhreagairtí an chomhairliúcháin agus, i roinnt cásanna, na freagairtí féin ach ní áireoidh siad aon sonraí pearsanta. Ní fhoilseoidh muid ainmneacha ná sonraí teagmhála na bhfreagróirí, ach áireoidh muid ainmneacha na n-eagraíochtaí atá ag freagairt.

Is féidir go nochtfar do fhreagairt, agus na freagairtí uile don chomhairliúchán seo, ach iad a iarraidh de réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 2000 (ASF) agus de réir na Rialachán um Fhaisnéis Chomhshaoil 2004 (RFC); ach beidh gach nochtadh ag teacht le riachtanais an Achta um Chosaint Sonraí 2018 (ACS) agus leis an Rialachán Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí sa Ríocht Aontaithe (RGCS RA).

Más mian leat go gcaithfidh leis an fhaisnéis a chuireann tú ar fáil mar ábhar faoi rún, ba mhór againn dá bhféadfá míniú dúinn cad chuige a measann tú go bhfuil an fhaisnéis atá curtha ar fáil dúinn agat rúnda, ionas gur féidir é sin a mheas má fhaigheann an Roinn iarratas don fhaisnéis faoin ASF nó faoin RFC.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir leis an dóigh a bpróiseálann muid sonraí agus do chearta, féach an Fógra Príobháideachais in **Aguisín C** don Chomhairliúchán i dtaca leis an Bheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim.

Aguisín A: Foirm Freagartha Chomhairliúcháin

Sonraí Pearsanta	
Ainm	
Seoladh Ríomhphoist	
Le do thoil roghnaigh an freagra is fearr a chuireann síos ar do shuim sa Bheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim d'Aosaigh i dTuaisceart Éireann	Is cúramóir mé Is Gairmí Sláinte agus Cúraim Shóisialta mé Is úsáideoir seirbhíse mé Is duine aonair a bhfuil spéis agam inti mé Ionadaí mé thar ceann eagraíochta Eile
Eagraíocht <i>(má bhaineann le hábhar)</i>	

Ceisteanna Comhairliúcháin i gcomhair an Dréachtbheartais maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim

Uimhir	Teideal na Míre sa Bheartas	Ceist	
1	<p>Uaillmhian na Réamhphleanála Chúraim</p> <p>(leathanach 6)</p>	<p>An aontaíonn tú le huailmhian an bheartais maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim? (Le do thoil cuir tic isteach)</p>	Aontaíonn
		<p>Le do thoil, tabhair dúinn aon eolas breise ar mian leat a chomhroinnt maidir le do fhreagra.</p>	Chan aontaíonn
2	<p>Cad é atá sa Réamhphleanáil Chúraim?</p> <p>(leathanach 6)</p>	<p>An mínítear sa bheartas cad é atá sa Réamhphleanáil Chúraim? (Le do thoil cuir tic isteach)</p>	Aontaíonn
		<p>Le do thoil, tabhair dúinn aon eolas breise ar mian leat a chomhroinnt maidir le do fhreagra.</p>	Chan aontaíonn

3	Luachanna agus Prionsabail na Réamhphleanála Cúraim (leathanach 7 agus leathanach 8)	An soiléir, cuimsitheach agus ábhartha iad na Luachanna agus na Prionsabail a luaitear sa bheartas? (Le do thoil cuir tic isteach)	Aontaíonn
			Chan aontaíonn
		Le do thoil, tabhair dúinn aon eolas breise ar mian leat a chomhroinnt maidir le do fhreagra.	
4	Cad chuige a bhfuil tábhacht ag baint le comhráite faoin Réamhphleanáil Chúraim? (leathanach 8 agus leathanach 9)	An mínítear sa bheartas buntáistí na Réamhphleanála Cúraim go soiléir? (Le do thoil cuir tic isteach)	Aontaíonn
			Chan aontaíonn
		Le do thoil, tabhair dúinn aon eolas breise ar mian leat a chomhroinnt maidir le do fhreagra.	

5	Cá huair ar chóir go ndéanfaí an Réamhphleanáil Chúraim? (leathanach 10)	An aontaíonn tú go bhfuil tábhacht ag baint leis an Réamhphleanáil Chúraim don uile aosach, is cuma cén staid den bheatha a bhfuil siad? (Le do thoil cuir tic isteach)	Aontaíonn
			Chan aontaíonn
		Le do thoil, tabhair dúinn aon eolas breise ar mian leat a chomhroinnt maidir le do fhreagra.	
6	An dóigh a n-úsáidtear comhrá(ite) faoin Réamhphleanáil Chúraim (leathanach 15 agus leathanach 16)	An dtuigeann tú an dóigh a n-úsáidtear comhráite faoin Réamhphleanáil Chúraim? (Le do thoil cuir tic isteach)	Aontaíonn
			Chan aontaíonn
		Le do thoil, tabhair dúinn aon eolas breise ar mian leat a chomhroinnt maidir le do fhreagra.	

7	Gnéithe den Réamhphleanáil Chúraim (leathanach 16)	An cabhair í samhail na ngnéithe chun gnéithe éagsúla na Réamhphleanála Cúraim a mhíniú? (Le do thoil cuir tic isteach)	Aontaíonn
			Chan aontaíonn
		Le do thoil, tabhair dúinn aon eolas breise ar mian leat a chomhroinnt maidir le do fhreagra.	
8	Gné Dhlíthiúil den Réamhphleanáil Chúraim An tAcht um Chumas Meabhrach (TÉ) 2016 (leathanach 19 go leathanach 22)	An bhfuil an beartas soiléir maidir leis an dóigh a mbaineann cumas meabhrach leis an Réamhphleanáil Chúraim? (Le do thoil cuir tic isteach)	Aontaíonn
			Chan aontaíonn
		Le do thoil, tabhair dúinn aon eolas breise ar mian leat a chomhroinnt maidir le do fhreagra.	

9	Gné Chliniciúil den Réamhphleanáil Chúraim Meath Sláinte agus Éigeandálaí gan Choinne (leathanach 26 go leathanach 29)	An bhfuil an beartas soiléir maidir leis na nithe seo a leanas?	Aontaíonn
		(a) An dóigh a bhfuil na moltaí ReSPECT mar chuid den Réamhphleanáil Chúraim. (Le do thoil cuir tic isteach)	Chan aontaíonn
		Le do thoil, tabhair dúinn aon eolas breise ar mian leat a chomhroinnt maidir le do fhreagra.	
		(b) An dóigh an ndéanfar moltaí maidir leis an athbheochan a thaifeadadh ar an fhoirm ReSPECT agus an dóigh nach mbainfear leas as foirmeacha Ná Triail an Athbheochan Chardascamhógach (DNACPR) feasta. (Le do thoil cuir tic isteach)	Aontaíonn
		Chan aontaíonn	
		Le do thoil, tabhair dúinn aon eolas breise ar mian leat a chomhroinnt maidir le do fhreagra.	

10	Tráchtanna Breise	Is féidir tráchtanna breise i dtaca leis an Bheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim a bhreacadh síos thíos.

Aguisín B: Torthaí an Mheasúnaithe ar Thionchar

Tá cáipéisí a bhaineann le scagadh an mheasúnaithe ar thionchar le fáil ach iarratas a dhéanamh acpconsultation@health-ni.gov.uk.

Tugtar achoimre ar thoradh gach cinn sa tábla thíos:

Scagadh an Mheasúnaithe ar Thionchar	Toradh
Comhionannas/Ceartha an Duine	Tugadh faoi Mheasúnú iomlán Tionchair Comhionannais agus breathnófar air
Rialaitheach	Char aithníodh aon tionchar suntasach – chan fhuil measúnú iomlán de dhíth
Tuaithe	Char aithníodh aon tionchar suntasach – chan fhuil measúnú iomlán de dhíth

Comhionannas agus Cearta an Duine

De réir Mhír 75 den [Acht um Thuaisceart Éireann 1998](#) ceanglaítear ar údaráis phoiblí, agus iad ag tabhairt faoina bhfeidhmeanna i dtaca le TÉ, aird faoi leith a bheith acu don ghá atá le cothromaíocht deiseanna a chur chun cinn:

- idir daoine a bhfuil creidimh éagsúla acu, a bhfuil tuairimí éagsúla polaitíochta acu, ar de ghrúpaí éagsúla cine iad, ar d'aoisghrúpaí iad, a bhfuil stádais éagsúla pósta iad nó a bhfuil gnéaschlaonta éagsúla acu;
- idir fir agus mná i gcoitinne;
- idir daoine a bhfuil míchumas acu agus daoine nach bhfuil; agus
- idir daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil.

Ceisteanna Measúnaithe Tionchair Comhionannais:

Ceist 1: An dócha go mbeidh tionchar dochrach ag na gníomhartha/bearta a leagtar amach sa dréachtbheartas i dtaca leis an Réamhphleanáil Chúraim ar aon cheann de na naoi ngrúpaí comhionannais a aithnítear faoi Mhír 75 d'Acht 1998? (Le do thoil cuir tic isteach)	Aontaíonn	
	Chan aontaíonn	
<i>Más ea, le do thoil tabhair le fios cé hé an grúpa nó cé hiad na grúpaí agus tabhair barúil maidir leis an dóigh ar chóir na tionchair dhochracha sin a laghdú nó a mhaolú sna moltaí:</i>		

<p>Ceist 2: An feasach duit leid nó fianaise ar bith – bíodh sin cáilíochtúil nó cainníochtúil – go bhféadfaí tionchar dochrach a bheith ag na gníomhartha/bearta a leagtar amach sa bheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim ar an chothromaíocht deiseanna nó ar dhea-chaidreamh? (Le do thoil cuir tic isteach)</p>	Aontaíonn	
	Chan aontaíonn	
<p><i>Más ea, le do thoil tabhair dúinn sonraí agus barúlacha faoinar chóir a chur leis nó a bhaint de, dar leat, d'fhonn an tionchar dochrach a mhaolú:</i></p>		
<p>Ceist 3: An bhfuil deis ann chun an chothromaíocht deiseanna nó an dea-chaidreamh a chur chun cinn ar dhóigh níos fearr? (Le do thoil cuir tic isteach)</p>	Aontaíonn	
	Chan aontaíonn	
<p><i>Má tá, tabhair dúinn sonraí maidir leis an dóigh ar féidir é sin a dhéanamh:</i></p>		

<p>Ceist 4: An bhfuil gnéithe ar bith den bheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim ina bhféadfaí go dtarlódh sárúithe féideartha ar chearta an duine? (Le do thoil cuir tic isteach)</p>	Aontaíonn	
	Chan aontaíonn	
<p><i>Má tá, tabhair dúinn sonraí maidir leis an dóigh ar féidir é sin a dhéanamh:</i></p>		

Aguisín C: Beartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim Fógra Príobháideachais

Ainm an Oifigigh Chosanta Sonraí: An Roinn Sláinte (RS)

Ríomhphost: acpconsultation@health-ni.gov.uk

Uimhir ghutháin: 02890520241

Ainm an Oifigigh Chosanta Sonraí Charlene McQuillan

Uimhir ghutháin: 02890522353

Ríomhphost: DPO@health-ni.gov.uk

Is príomhghné den [Acht maidir le Cosaint Sonraí \(Data Protection Act\)](#) agus de Rialachán Ginearálta na Ríochta Aontaithe maidir le Cosaint Sonraí (UK General Data Protection Regulation) é bheith trédhearcach agus faisnéis infhaighte a sholáthar do dhaoine aonair faoin dóigh ar féidir linn a gcuid sonraí pearsanta a úsáid. Tá an Roinn Sláinte (RS) tiomanta d'iontaoibh agus do mhuintir a thógáil inár gcumas chun do shonraí pearsanta a phróiseáil agus do phríobháideacht a chosaint.

Cuspóir na Próiseála

Tá forbairt déanta ag An Roinn Sláinte ar beartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim d'aosaigh (iad siúd a bhfuil 18 mbliana slánaithe acu nó níos síne) a fhoilsítear le haghaidh comhairliúchán poiblí i dTuaisceart Éireann. Tá muid ag spreagadh freagairtí ó eagrais agus ó institiúidí agus ó dhaoine sa phobal ar spéis leo, ó úsáideoirí seirbhíse agus ó chúramóirí. Déanfaidh muid próiseáil ar shonraí pearsanta a soláthraíodh mar fhreagairt ar chomhairliúcháin ar mhaithe le eolas a dhéanamh don bheartas. Foilseoidh muid achoimre ar fhreagairtí an chomhairliúcháin agus, i roinnt cásanna, na freagairtí féin ach ní áireoidh siad aon sonraí pearsanta. Ní foilseoidh muid ainmneacha ná sonraí teagmhála na bhfreagróirí, ach áireoidh muid ainmneacha na n-eagraíochtaí atá ag freagairt.

Bunús Dlíthiúil leis na Phróiseáil

Is é Alt 6 (1) (e) den RGCS RA atá bhunús dlíthiúil ar a bhfuil muid ag brath chun do shonraí pearsanta a phróiseáil, lena gceadaítear dúinn sonraí pearsanta a phróiseáil nuair is gá le haghaidh fheidhmiú ár dtascanna poiblí inár gcáil mar Roinn Rialtais.

Ní phróiseálfad muid aon sonraí pearsanta maidir le sainchatagóir a sholáthraíonn tú ina nochtar bunús ciniúil nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh, sláinte nó saol gnéis/gnéischlaonadh nuair is gá ar mhaithe le leas suntasach an phobail faoi Alt 9 (2) (g) den RGCS RA, in oibriú fheidhmeanna na Roinne agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an chomhionannas.

Cad é mar a dhéanfar d'fhaisnéis a úsáid agus a chomhroinnt?

Próiseálfaidh muid an fhaisnéis le haghaidh an chuspóra thuasluaite. Déanfar an fhaisnéis a chomhroinnt le Foireann an Chláir don Réamhphleanáil Chúraim ina gcuimsítear ionadaithe ón Roinn Sláinte, ón Bhord Sláinte agus Cúraim Shóisialta, ón Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí agus ó Chomhairle na nOthar agus na gCliantaí le go ndéanfaidh freagairtí an chomhairliúcháin eolas d'fhorbairt an bheartais. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis a sholáthraíonn freagróir comhairliúcháin i bhformáid mhalartach, roinnfidh muid an fhaisnéis sin le seirbhís fhaofa aistriúcháin de réir ceanglas rialaithe faisnéise. I gcás ina mbaineann freagróir comhairliúcháin leas as an tseirbhís tacaíochta chomhairliúcháin le go n-éascófar a bhfreagra don chomhairliúchán, is tríd an ghníomh sin a aontaíonn an freagróir a fhaisnéis a roinnt leis an tseirbhís ar mhaithe leis an chuspóir sin. Chan fuil sé ar intinn againn do shonraí pearsanta a roinnt le tríú páirtí ar bith. Is de réir fhorálacha na ndlíthe a bhaineann le cosaint sonraí a phléifear le sainiarratais ar bith ó thríú páirtí chun do shonraí pearsanta a chomhroinnt leo.

Cá fhad a choinneoidh muid d'fhaisnéis?

Coimeádfaidh muid faisnéis maidir le freagairtí don chomhairliúchán go dtí go bhfuil ár gcuid oibre ar ábhar an chomhairliúcháin críochnaithe, agus ag teacht le Sceideal Coinneála agus Diúscartha na Roinne dar teideal [Bainistíocht Mhaith, Taifid Mhaithe \(BMTM\)](#).

Cad iad do chearta?

- Tá sé de cheart agat deimhniú a fháil go bhfuil do shonraí [á bpróiseáil, agus do shonraí pearsanta a rochtain](#).
- Tá sé de cheart agat go gcoigeartófar [do shonraí pearsanta má tá siad míchruinn nó neamhiomlán](#).
- Tá sé de cheart agat go scriosfar sonraí pearsanta agus [go seachnófar an phróiseáil](#), i roinnt cásanna.
- Tá sé de cheart agat [próiseáil sonraí pearsanta a chosc nó a dhíothú](#), i gcásanna faoi leith.
- Tá an ceart chun [iniomparthacht sonraí](#) agat i gcásanna faoi leith.
- Tá sé de cheart agat [cur i gcoinne na próiseála](#), i gcásanna faoi leith.
- Tá cearta agat maidir le [uathdhéanamh cinntí agus próifíliú](#).

Cad é mar a dhéantar gearán mura bhfuil tú sásta leis an dóigh a bpróiseálann muid d'fhaisnéis phearsanta?

Más mian leis rochtain a iarraidh, cur in aghaidh nó gearán a dhéanamh i dtaca leis an dóigh a láimhseáil muid do shonraí, is féidir leat dul i dteagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí trí na sonraí thuas a úsáid.

Mura bhfuil tú sásta lenár bhfreagairt nó má chreideann tú nach bhfuil muid ag próiseáil do shonraí de réir an dlí, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an Choimisinéir Faisnéise ar:

Information Commissioner's Office
Wycliffe House
Water Lane
Wilmslow
Cheshire SK9 5AF
casework@ico.org.uk